**RABHADH**

Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe Anseo

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005**

## TÍREOLAÍOCHT -ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 - FILLTEÁN


**DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 go 3.30**

**ROINN 1 (60 MARC)**

Caithfear tabhairt faoi **gach** ceist.
*Tá rogha agat* laistigh *de thrí cheist.*
*Déan deimhin de an fillteán seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.*
Mura ndéanann tú sin, caillfidh tú marcanna.

1. **PLÁTAÍ SCREIMHE**

Taispeánann an léarscáil roinnt plátaí screimhe agus a dteorainneacha.




Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart **i ngach ceann** de na ráitis thíos:


*(i)* An limistéar atá scáthlínithe le lipéad **"X-Y"** air is ea *Fáinne Tine an Aigéin Chiúin/Limistéar an Oighir agus na Tine*.

*(ii)* An Pláta le lipéad **"Z"** air is ea *Pláta Nazca / Pláta an Aigéin Chiúin*.

*(iii)* Na sléibhte le lipéad **"M"** orthu ná *Na hAindéis / Na Sléibhte Creagacha*.

**2. OLLGHLUAISEACHT**

Scrúdaigh an léaráid thíos.




Cé acu saghas ollghluaiseachta a taispeánann sé?
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Maidhm shléibhe | ☐ | Ithirthéaltú | ☐ |
| Pléascadh portaigh | ☐ | Sciorradh talún | ☐ |

## 3. PRÓISEIS ABHANN

Taispeánann na léaráidí A, B agus C abhainn ina cúrsa uachtarach, cúrsa meánach agus cúrsa íochtarach.



**Léaráid A** **Léaráid B** **Léaráid C**

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart **i ngach ceann** de na ráitis thíos:


*(i)* Is i *Léaráid A / Léaráid B / Léaráid C* is mó a tharlaíonn creimeadh cliathánach.

*(ii)* Is i *Léaráid A / Léaráid B / Léaráid C* is mó a tharlaíonn sil-leagan.

*(iii)* Is i *Léaráid A / Léaráid B / Léaráid C* is mó a tharlaíonn creimeadh le fána.

## 4. FEACHTANNA AIGÉIN

Taispeánann an léarscáil **trí** cinn de fheachtanna aigéin an Atlantaigh Thuaidh.





*(i)* Ainmnigh an feacht aigéin le lipéad A air ______________________________

*(ii)* Ainmnigh an feacht aigéin le lipéad B air ______________________________

*(iii)* Abair cé acu feacht fuar nó feacht te é an feacht le lipéad C air. ________________

**5.** **LAGRACH**

Scrúdaigh an léaráid de lagrach a thugtar thíos.




Sna boscaí a thugtar, meaitseáil **gach** ceann de na lipéid **A-D** ar an léaráid leis an uimhir dá phéire i gColún Y. Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún Y** | |
|---|---|
| **1** | Fronta Fuar |
| **2** | Áit leis an brú baraiméadrach is ísle |
| **3** | Teascóg The |
| **4** | Fronta Te |

| **Lipéad Léaráide** | **Y** |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | 3 |
| **D** | |

**6.** **TIMTHRIALL AN UISCE**

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil **gach** ceann de na téarmaí **i gColún X** leis an péire a théann leis **i gColún Y.** Tá péire amháin déanta duit.


| **Colún X** | |
|---|---|
| **A** | Frasaíocht |
| **B** | Comhdhlúthú |
| **C** | Sú agus rith chun srutha |
| **D** | Galú |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| **1** | Déantar scamall dá bharr |
| **2** | Cuireann sé uisce ar ais san fharraige |
| **3** | Athraíonn uisce go gás |
| **4** | Tá baisteach, cloichshneachta, flichshneachta agus sneachta ann |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | 3 |

7. **SAGHSANNA ITHREACH**

Scrúdaigh an léarscáil thíos.




An saghas ithreach sna limistéir scáthlínithe sa léarscáil ná:
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

Podsail ☐


Gléirigh ☐

Ithreacha Donna ☐

Ithreacha Dearga Teochriosacha ☐

## 8. TÍR EORPACH

Scrúdaigh an léarscáil de thír Eorpach.





Taispeáin an bhfuil **gach** ceann de na ráitis thíos fíor nó bréagach trí ciorcal a chur thart ar an rogha *"Fíor"* nó "*Bréagach*".

(i) An tír atá ann ná an Bheilg. *Fíor / Bréagach*

(ii) Is sampla de pholdar é an ceantar leis an lipéad **"X"** air. *Fíor / Bréagach*

(iii) Ritheann Abhainn na Réine siar go ginearálta tríd an tír. *Fíor / Bréagach*

## 9. ATHRÚ DÉIMEAGRAFACH (TIMTHRIALL AN DAONRA)




Scrúdaigh an léaráid . Ansin léigh na ráitis thíos. Níl na ráitis go léir fíor.

1. Taispeánann an léaráid go mbíonn rátaí beireatais i gcónaí níos airde ná rátaí báis.
2. Taispeánann an léaráid go bhfuil fás an daonra mall i gCéim 1.
3. Taispeánann an learáid go bhfuil an daonra ag laghdú i gCéim 5.
4. Taispeánann an léaráid go bhfuil titim thapaidh i rátaí beireatais i gCéim 1.
5. Taispeánann an léaráid go bhfuil an daonra ag fás go tapaidh i gCéim 2.

Is iad na ráitis cearta ná:

*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

| | |
|---|---|
| 1, 2, 4 ☐ | 2, 3, 5 ☐ |
| 2, 3, 4 ☐ | 3, 4, 5 ☐ |

10. **TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH**

Taispeáin cé acu an bhfuil **gach** ceann de na ráitis thíos fíor nó bréagach trí chiorcal a chur thart ar an rogha *"Fíor* nó *"Bréagach."*


(i) Bíonn ar a laghad dhá oiread an daonra ag **cathair phríomha** thar aon chathair eile i dtír. *Fíor / Bréagach*

(ii) **Bustaí** is ea plódcheantar i gcathair i dtír i mbéal forbartha. *Fíor / Bréagach*

(iii) Is daoine iad **comaitéirí** a thaistealaíonn turais fhada ar obair gach lá. *Fíor / Bréagach*

**11. CRIOSANNA FEIDHME UIRBEACHA**


Sa sracléarscáil tá ceithre chrios feidhme, le lipéid orthu, i mbaile mór samhailteach in Éirinn.




Meatseáil **gach** ceann de na lipéid **A-D** ar an léarscáil leis an bpéire a théann leis ó na ceithre Chrios Feidhme atá ar an liosta sa tábla thíos. Tá péire amháin déanta duit.

| **Crios Feidhme** | **Lipéad a théann leis (litir)** |
|---|---|
| C.B.D. | |
| Sean-cheantar cónaithe (tithíocht) | |
| Ceanntar cónaithe nua | |
| Eastát tionsclaíoch | A |

## 12. GNÍOMHAÍOCHTAÍ EACNAMAÍOCHA




Taispeánann na léaráidí céatadán fostaíochta de réir earnála i dTír A (tír atá go mall i mbéal forbartha) agus i dTír B (tír fhorbartha). Baineann na ráitis thíos leis na léaráidí. Níl na ráitis go léir ceart.

1. Tá furmhór na n-oibrithe i dTír A fostaithe i ngníomhaíochtaí príomhúla.
2. Tá fostaíocht i ngníomhaíochtaí tánaisteacha ag níos mó ná 10% de na hoibrithe i dTír A.
3. Tá fostaíocht i ngníomhaíochtaí tánaisteacha agus treasacha(le chéile)ag níos mó ná 90% den lucht oibre i dTír B.
4. Tá fostaíocht i ngníomhaíochtaí tánaisteacha (ina aonar) ag céatadán níos mó de na hoibrithe i dTír B ná mar atá i ngníomhaíochtaí tánaisteacha agus treasacha (le chéile) i dTír A.
5. Tá fostaíocht i ngníomhaíochtaí tánaisteacha ag 39% den lucht oibre i dTír B.

Is iad na ráitis **cearta** ná:
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

1, 3, 4 ☐

2, 3, 4 ☐

1, 3, 5 ☐

3, 4, 5 ☐

FREAGAIR 13A NÓ 13B

**13A. AERÁID**

Scrúdaigh Tábla na bhFigúirí, a bhaineann le teocht agus frasaíocht i gCathair Saidhbhín, Co. Chiarraí

| **Mí** | **E** | **F** | **M** | **A** | **B** | **M** | **I** | **L** | **MF** | **DF** | **S** | **N** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teocht (°C) | 5 | 7 | 9 | 11 | 12 | 14 | 15 | 16 | 14 | 11 | 9 | 6 |
| Frasaíocht (mm) | 92 | 117 | 56 | 19 | 45 | 35 | 23 | 20 | 40 | 75 | 98 | 102 |

(i) Cad é an mheánteocht mhíosúil do na míonna Nollaig, Eanair agus Feabhra le chéile?


_______________________________

(ii) Ainmnigh an mhí, a bhfuil an fhrasaíocht is lú aige ___________________________


**NÓ**

**13B. TOMHAS AIMSIRE**

**A**



**B**




**C**



Scrúdaigh na gléasanna aimsire le lipéid A, B agus C orthu.
Léigh na ráitis thíos. Níl na ráitis go léir ceart.

1. An gléas le lipéad A air is ea baraiméadar.
2. Úsáidtear an gléas le lipéad B air chun teocht a thomhas.
3. Coimeádtar an gléas le lipéad B air de ghnáth i Scáthlán Stevenson.
4. An gléas le lipéad C air is ea ainéimiméadar agus tomhaiseann sé luas na gaoithe.
5. An gléas le lipéad C air is ea eite ghaoithe agus tomhaiseann sé luas na gaoithe.

Is iad na ráitis cearta ná:
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

1, 2, 4 ☐ 2, 3, 4 ☐ 2, 3, 5 ☐ 3, 4, 5 ☐

## FREAGAIR 14A NÓ 14B

### 14A. FEIRMEOIREACHT MHEASCTHA MAR CHÓRAS

Cé acu díobh seo a leanas a mbeidís **go léir** mar **aschuir** ann d'fheirm mheasctha Éireannach: *Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Eorna, tarracóir, sicíní, uibheaca | ☐ | Prátaí, eorna, saothar, talamh | ☐ |
| Bainne, sadhlas, fear, aoileach | ☐ | Foirgnimh fheirme, laonna, sadhlas, olann | ☐ |


**NÓ**

### 14B. ÚSÁID TALÚN I bhFEIRMEOIREACHT MHEASCTHA

Taispeánann an t-eolas sa **tábla** agus sa **phíchairt** an % limistéar a thugtar do úsáidí éagsúla talún i bhfeirm mheasctha in Éirinn.

**Críochnaigh an phíchairt** leis an ainm de **gach** barr a scríobh ina bhosca ceart.

| Barr | % Limistéir |
|---|---|
| Féar | 55 |
| Cruithneacht | 20 |
| Biatas Siúcra | 10 |
| Eorna | 10 |
| Prátaí | 5 |



**FREAGAIR 15A NÓ 15B.**

## 15A. TIONSCAL DÉANTÚSAÍOCHTA

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil **gach** litir **i gColún X** leis an uimhir dá phéire **i gColún Y.**
Tá péire amháin déanta duit.

| Colún X | |
|---|---|
| **A** | Caipiteal |
| **B** | Gan chuing |
| **C** | Tionscal Trom |
| **D** | Cistí Struchtúracha |

| Colún Y | |
|---|---|
| **1** | Tionscal a fhéadann a bheith suite i raon leathan áiteanna |
| **2** | Déanamh iarainn agus cruach |
| **3** | Cuidiú le tionscal trí chabhrú i bhfeabhsú bóithre 7rl. |
| **4** | Airgead a bhíonn riachtanach chun tionscal a chur ar bun nó a rith. |

| X | Y |
|---|---|
| **A** | 4 |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |

**NÓ**

## 15B. SUÍOMH TIONSCLÍOCH

D'athraigh tionscal iarainn agus cruach na Breataine a shuíomh i rith na mblianta:
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

Ó chóstaí go gualcheantair ☐


Ó ghualcheantair go limistéir fhoraoise ☐

Ó ghualcheantair go cóstaí ☐

Ó chóstaí go limistéir fhoraoise ☐

**16.　LÉARSCÁIL SRÁIDE**

Scrúdaigh an léarscáil sráide, a thaispeánann cuid de Lár Bhaile Átha Cliath.




Samhlaigh gur iarradh ort an turas seo a leanas a leanúint:

- Siúl feadh Parnell Sq. West (eangach B2) sa treo thoir-theas.
- Cas ar dheis feadh Parnell Street sa treo thiar-theas.
- Ansin téigh isteach sa tsráid ar an dara casadh ar clé.

Cé acu sráid a mbeifeá ann ansin?
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dominic Street Lower | ☐ | O'Rahilly Parade | ☐ |
| Parnell Place | ☐ | Chapel Lane | ☐ |

**17.** **AERFÓTAGRAF**

Déan staidéar ar an aerfótagraf a thugtar.

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart **i ngach** ceann de na ráitis thíos.

- Tá an chuid is mó de na crainn sa chúlionad ar dheis *buaircíneach/duillsilteach.*
- Is *abhainn / canáil* é an t-uiscebhealach sa chúlionad ar clé.
- Is é is dóichí gur tógadh an fótagraf sa *ghreimhreadh/samhradh*.

**18.** **SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Déan staidéar ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar.

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil **gach** litir **i gColún X** le huimhir a phéire **i gColún Y.**
Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| **A** | N 401 541 |
| **B** | N 453 553 |
| **C** | N 448 568 |
| **D** | N 426 587 |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| **1** | Crannóg |
| **2** | Talamh caomhnaithe an Dúlra (Nature reserve) |
| **3** | Loch |
| **4** | Créfort |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | 3 |

**19.** **SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Déan staidéar ar an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar.

Is é **an treo** ón Picnic Site ag N 420 585 go dtí Talamh Caomhnaithe an Dúlra (nature reserve) ag N 426 587 ná:
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

Thoir-thuaidh ☐ Thiar-thuaidh ☐

Thoir-theas ☐ Thiar-theas ☐

**20.** **SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS**

Is é an gréasán lonnaíochta tuaithe laistigh den chearnóg eangaí N 47 55 ná:
*Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.*

Líneach sa chuid is mó ☐ Scaipthe sa chuid is mó ☐

Cnuasta sa chuid is mó ☐ Cuid de scaipthe agus de cnuasta ☐

Leathanach Bán

Leathanach Bán